Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 34

# Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais d'Údaráis Áitiúla, deontais agus speansais eile maidir le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna, fóirdheontais agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair do chaiteachas le haghaidh na bliana.

Tá barrachas €6.511 milliún dlite lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nóta 1 go 7 mar chuid den chuntas.

## An Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 27 de 2019; cuireadh chun feidhme iad agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Dímheastar sócmhainní eile de réir méid cothrom feadh a saoil fhónta mheasta, ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse ar an mbonn seo a leanas:

- foirgnimh 5% in aghaidh na bliana.
- mótarfheithiclí 20% in aghaidh na bliana
- gléasra agus innealra 10% in aghaidh na bliana
- trealamh radair 6.66% in aghaidh na bliana.

**John McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

31 Márta 2020

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht maidir le córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go mbraithfí go tráthúil iad. Próiseas leanúnach is ea córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Roinn ar bhonn comhroinnte (Vóta 18).

Chomhlíon mé mo fhreagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar comhsheirbhísí párolla agus acmhainní daonna.

Braithim ar litir um dhearbhú ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht sannta i gcomhair bainistíochta airgeadais.
- Tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun beart ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú rialta air
- tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte rialaithe cuí d'infheistíocht chaipitiúil agus smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail ann.

***Neamh-chomhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha soláthair a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas naoi gconradh (sa bhreis ar €25,000) dar luach €571,760 ar an iomlán (gan CBL san áireamh), faoi mar atá leagtha amach thíos.

- Cuireadh conradh i ndáil le lónadóireacht lenar bhain caiteachas €45,913 (gan CBL san áireamh) le linn na bliana a dámhadh ar dtús le próiseas iomaíoch, ar athlá ar feitheamh próiseas soláthair a thabhairt chun críche. Tá an próiseas soláthair maidir leis an gconradh sin curtha i gcrích ó shin.
- Leanadh le dhá chonradh in 2019 a dámhadh gan próiseas iomaíoch thiar in 2018 lenar bhain caiteachas dar luach €223,509 (gan CBL san áireamh) le linn na bliana toisc go raibh saineolas agus taithí roimhe sin ag na soláthraithe maidir le ceisteanna a tháinig chun cinn ar bhunú beartaithe na Gníomhaireachta Forbartha Talún.
- Cuireadh dhá chonradh TFC dar luach €103,558 ar an iomlán (gan CBL san áireamh) ar athlá toisc go bhfuil baol mór ann go n-athrófar an díoltóir le linn céim ríthábhachtach príomhathruithe ar sholáthar seirbhísí TFC sa Roinn maidir le seirbhís a aistriú go dtí deasc agus bonneagar arna soláthar ag *OGCIO*.
- Cuireadh conradh seirbhísí teileafónaíochta TFC lenar bhain caiteachas €73,825 (gan CBL san áireamh) le linn na bliana a dámhadh ar dtús le próiseas iomaíoch, ar athlá ar feitheamh próiseas soláthair a chur i gcrích.
- Dámhadh conradh bliana maidir le cothabháil agus tacaíocht TFC lenar bhain caiteachas €27,514 (gan CBL san áireamh) le linn na bliana gan próiseas iomaíoch ar bhonn práinne/seiftiúlachta chun uasghrádú a dhéanamh ar chóras cúltaca *Commvault*.
- Rinneadh conradh a dámhadh ar dtús le próiseas iomaíoch in 2016 chun síleáilmhéadair a sholáthar mar chuid den Tionscadal um Nuachóiriú agus Uathoibriú Eitlíochta a shíneadh in 2019, lenar bhain caiteachas dar luach €77,142 (gan CBL san áireamh) le linn na bliana, chun rialacháin bhreise Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa a chomhlíonadh.
- Rinneadh conradh slándála a cuireadh isteach i mbeart éigeandála in 2018 chun slándáil i ndáil le balla cláir a chur ar fáil agus lean Oifig na nOibreacha Poiblí le hoibreacha cothabhála/athchóirithe a dhéanamh ag Teach an Chustaim go dtí tús 2019 lenar bhain caiteachas dar luach €20,299 (gan CBL san áireamh) le linn na bliana. Tá próiseas iomaíoch soláthair tugtha chun críche ó shin.

Chuir an Roinn sonraí ar fáil maidir leis na conarthaí eisceachtúla sin mar chuid den fhaisnéis maidir le 20 conradh dar luach €1,852,252 (gan CBL san áireamh) san iomlán atá cuimsithe sa tuairisceán bliantúil i ndáil le hImlitir 40/2002 chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn ag a bhfuil pearsanra oilte, a oibríonn de réir cairt fhaofa i scríbhinn. Cuirtear bonn eolais faoin obair le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá le sárú ag an Roinn agus tá a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirfear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí i gcrích.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm trína sainaithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis sin agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm trína sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht leis as oibriú rialuithe do bhaill foirne faoi leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Déantar athbhreithniú lárnach ar an gclár rioscaí agus déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar na rioscaí ardleibhéil ar bhonn rialta. Dearbhaím gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na príomhríoscaí sin agus tuairisc á tabhairt ar easnaimh ar bith a shainaithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, cuirtear bonn eolais faoi le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachracha agus an lucht bainistíochta sinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2019 a raibh cailliúint ábhartha, nó a bhféadfadh go mbeadh cailliúint ábhartha, mar thoradh orthu.

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

24 Meán Fómhair 2020

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla roinnt cásanna neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2019.

##### *Tuairisciú ar ábhair eile a d'eascair as iniúchadh*

Déileálann Caibidlí 11, 12 agus 13 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2019, faoi seach, le bearta feidhmíochta maidir le caiteachas státchiste ar thithíocht shóisialta, dul chun cinn faoin scéim comhiomlánaithe talún agus caiteachas i ndáil leis an scéim um leasúchán piríte.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2020

## Vóta 34 Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas ar an gClár** | | | | |
| A | Tithíocht | 2,300,972 | 2,365,240 | 1,983,676 |
| B | Seirbhísí Uisce | 1,308,560 | 1,288,395 | 1,174,017 |
| C | Rialtas Áitiúil | 212,005 | 210,935 | 158,793 |
| D | Pleanáil | 146,557 | 68,002 | 49,774 |
| E | Met Éireann | 30,384 | 27,951 | 20,919 |
| **Caiteachas comhlán** | | **3,998,478** | **3,960,523** | **3,387,179** |
| | *Lúide* | | | |
| F | **Leithreasaí i gcabhair** | **61,175** | **63,231** | **69,726** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,937,303** | **3,897,292** | **3,317,453** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil roinnte ar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlite le tabhairt suas don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán aon leithreasaí gan chaitheamh, nó cuid díobh, le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh leithdháiltí gan chaitheamh dar luach €33.5 milliún maidir le gnéithe caipitil de Chlár D Pleanáil ar aghaidh go dtí 2020.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 40,011,020 | 13,164,511 |
| Géilleadh iarchurtha | (33,500,000) | — |
| **Barrachas le géilleadh** | 6,511,020 | 13,164,511 |

**John McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

31 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir leis an gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas cláir | | 3,894,399 | 3,331,606 |
| Pá | | 48,637 | 43,903 |
| Neamhphá | | 17,487 | 11,670 |
| **Caiteachas comhlán** | | **3,960,523** | **3,387,179** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **63,231** | **69,726** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,897,292** | **3,317,453** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (5,611) | | |
| Dímheas | 1,014 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | (4,596) | (1,465) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 9,195 | | |
| Méadú ar stoic | (32) | 9,163 | (14,515) |
| **Caiteachas díreach** | | **3,901,859** | **3,301,473** |
| **Caiteachas a íocadh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 24,759 | 24,580 |
| Cíosanna barúlacha | | 3,233 | 3,136 |
| **Glanchostais an chláir** | | **3,929,851** | **3,329,189** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 34 a íocadh in áiteanna eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 164 | 560 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 22,769 | 22,424 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,636 | 1,402 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 78 | 69 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 112 | 125 |
| | | **24,759** | **24,580** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 10,176 | 5,194 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 51,553 | 18,930 |
| Stoic | 2.3 | 181 | 149 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 714 | 1,077 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,447 | 974 |
| Ioncam fabhraithe | | 2,382 | 6,757 |
| Ciste éadálacha imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta | 7.2 | 69,393 | 70,941 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 125,670 | 98,828 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 13,838 | 9,577 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 18,720 | 20,001 |
| Ioncam iarchurtha | | 8,561 | 8,689 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.6 | 33,547 | 6 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 74,666 | 38,273 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 51,004 | 60,555 |
| **Glansócmhainní** | | **61,180** | **65,749** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.7 | **61,180** | **65,749** |

## 2.1 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Gléasra, innealra agus mótarfheithiclí | Troscán agus feistis | Trealamh oifige agus TF | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2019 | 668 | 327 | 1,672 | 19,407 | 1,900 | 23,974 |
| Breiseanna | — | 1 | 132 | 1,002 | 4,864 | 5,999 |
| Diúscairtí | — | — | — | 31 | (31) | — |
| Curtha in úsáid | — | — | (40) | (32) | — | (72) |
| Aistrithe chuig Ranna eile | — | — | (24) | (8) | — | (32) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2019 | 668 | 328 | 1,740 | 20,400 | 6,733 | 29,869 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 | 61 | 209 | 1,511 | 16,999 | — | 18,780 |
| Dímheas don bhliain | 12 | 30 | 65 | 907 | — | 1,014 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (40) | (31) | — | (71) |
| Aistrithe chuig Ranna eile | — | — | (22) | (8) | — | (30) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2019 | 73 | 239 | 1,514 | 17,867 | — | 19,693 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019** | **595** | **89** | **226** | **2,533** | **6,733** | **10,176** |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2018 | 607 | 118 | 161 | 2,408 | 1,900 | 5,194 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 51,424 | 18,799 |
| Iarmhéid agus airgead tirim sa chuntas bainc tráchtála | 129 | 131 |
| | **51,553** | **18,930** |

## 2.3 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ábhair inchaite mheitéareolaíochta | 86 | 55 |
| Ábhar inchaite TF | 27 | 29 |
| Stáiseanóireacht | 49 | 49 |
| Ábhair ghlantacháin | 4 | 6 |
| Eile | 15 | 10 |
| | **181** | **149** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais tuarastail in-fhorchúitithe | 56 | 117 |
| Scéim pasanna taistil in-aisíoctha | 208 | 176 |
| Costais taistil in-fhorchúitithe | 9 | 9 |
| Óinchistí | 19 | 4 |
| Míreanna eile dochair fionraí | 422 | 771 |
| | **714** | **1,077** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 859 | 734 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 401 | 324 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 189 | 79 |
| Cáin bhreisluacha | 289 | 324 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 143 | 120 |
| | 1,881 | 1,581 |
| Asbhaintí den phárolla arna gcoinneáil ar fionraí | 219 | 207 |
| Tionscadal comhtháite *LIFE* | 1,870 | — |
| An Ciste Forbraíochta Uirbí [a] | 14,111 | 17,543 |
| Míreanna sochair eile fionraí | 639 | 670 |
| | **18,720** | **20,001** |

Nóta [a] Féach ar Nóta 7.1.

## 2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 6,511 | 13,165 |
| Géilleadh iarchurtha | 33,500 | — |
| Deontas státchiste neamhtharraingthe | (6,464) | (13,159) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **33,547** | **6** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 51,553 | 18,930 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 714 | 1,077 |
| | 52,267 | 20,007 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,881) | (1,581) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (16,839) | (18,420) |
| | (18,720) | (20,001) |
| | **33,547** | **6** |

## 2.7 Cuntas um Maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 65,749 | 49,769 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 3,937,303 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (33,500) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (6,511) | | |
| Glanvóta | | | 3,897,292 | 3,317,453 |
| Caiteachas (airgead tirim) a íocadh in áiteanna eile | 1.1 | | 24,759 | 24,580 |
| Caiteachas neamhairgid – cíos barúlach | 1 | | 3,233 | 3,136 |
| Sócmhainní a aistríodh chuig Ranna eile | 2.1 | | (2) | — |
| Glanchostais an chláir | 1 | | (3,929,851) | (3,329,189) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **61,180** | **65,749** |

## 2.8 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| Amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 2,106 | 1,190 |
| Clár deontas neamhchaipitil | 982,895 | 875,993 |
| Clár deontas caipitil | 1,543,599 | 1,024,676 |
| Tionscadail um chomhpháirtíocht phoiblí phríobháideach | 631,034 | — |
| **Iomlán na gceangaltas in-fhorghníomhaithe le dlí** | **3,159,634** | **1,901,859** |

| **b) Cláir deontais neamhchaipitil** | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 875,993 | 540,458 |
| Deontais íoctha sa bhliain | (723,643) | (604,396) |
| Ceangaltais deontais nua | 830,545 | 939,931 |
| **Iarmhéid deiridh** | **982,895** | **875,993** |

| **c) Cláir deontas caipitil** | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 1,024,676 | 882,433 |
| Deontais íoctha sa bhliain | (1,383,738) | (1,184,873) |
| Ceangaltais deontais nua | 1,902,661 | 1,327,116 |
| **Iarmhéid deiridh** | **1,543,599** | **1,024,676** |

**d) Mórthionscadail chaipitil**

| **Tionscadail tithíochta** | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2018** | **Caiteachas in 2019** | **Ceangaltais tionscadal i mblianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2019** | **Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2018** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| ***Tógáil*** | | | | | |
| *Cómhaoinithe* [a] | | | | | |
| Garrán na Feá, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 17 | — | — | 17 | — |
| Roinn | 243 | 813 | 16,116 | 17,172 | — |
| | 260 | 813 | 16,116 | 17,189 | — |
| Athchóiriú ar Halla na Prióireachta, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13 [b] | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 10,288 | — | — | 10,288 | 10,288 |
| Roinn | 23,243 | 973 | 13,696 | 37,912 | 37,913 |
| | 33,531 | 973 | 13,696 | 48,200 | 48,201 |
| Cúirt Chnocán na Rós, Dún Laoghaire – Ráth an Dúin: | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 5,413 | — | — | 5,413 | 5,413 |
| Roinn | 6,205 | — | 305 | 6,510 | 6,510 |
| | 11,618 | — | 305 | 11,923 | 11,923 |
| Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire – Ráth an Dúin | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 3,729 | 1,312 | — | 5,041 | 3,729 |
| Roinn | 4,630 | — | 412 | 5,042 | 6,354 |
| | 8,359 | 1,312 | 412 | 10,083 | 10,083 |
| Coimín an Ráschúrsa, Lusca (Céim 2.1): | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 2,260 | — | — | 2,260 | 2,260 |
| Roinn | 9,174 | — | 174 | 9,348 | 9,348 |
| | 11,434 | — | 174 | 11,608 | 11,608 |
| St Aiden's, Baile an tSrutháin, Tamhlacht [c] | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 4,264 | 12 | — | 4,276 | 4,264 |
| Roinn | 12,811 | 36 | 2,699 | 15,546 | 15,558 |
| | 17,075 | 48 | 2,699 | 19,822 | 19,822 |
| Baile Baodáin, Ráth Fearnáin | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 872 | 1,423 | — | 2,295 | 872 |
| Roinn | 9,483 | 283 | 770 | 10,536 | 11,959 |
| | 10,355 | 1,706 | 770 | 12,831 | 12,831 |
| St. Cuthbert's, Cluain Dolcáin (Céim 1) Baile Átha Cliath Theas: | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 78 | 2,872 | — | 2,950 | 78 |
| Roinn | 1,449 | 6,956 | 855 | 9,260 | 12,132 |
| | 1,527 | 9,828 | 855 | 12,210 | 12,210 |

| *Roinn a maoiníodh* | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2018** | **Caiteachas in 2019** | **Ceangaltais tionscadal i mblianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2019** | **Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2018** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Bóthar na Tulaí, Ceatharlach | — | 2,512 | 10,630 | 13,142 | 11,995 |
| Bóthar na hEaglaise, Co. Chorcaí | 11,159 | 692 | 139 | 11,990 | 11,989 |
| Sráid an Fhaoitigh, Co. Chorcaí | 3,379 | 5,674 | 3,647 | 12,700 | 12,700 |
| Carraig an Deagánaigh, An Tóchar, Cathair Chorcaí | 5,970 | 9,954 | 1,305 | 17,229 | 17,229 |
| Millín na Cuaillí, Beanntraí, Contae Chorcaí | — | — | 11,092 | 11,092 | 11,092 |
| Mill Road, Avoncore, Bloomfield, Mainistir na Corann, Contae Chorcaí | — | — | 11,011 | 11,011 | — |
| Hazelbrook, Ballyvinter, Mala, Contae Chorcaí | — | 5,130 | 11,394 | 16,524 | — |
| Clarendon Brook, Carrs Hill, Dúglas, Contae Chorcaí | — | 3,346 | 9,555 | 12,901 | — |
| Convent Road, Carn Domhnach, Co. Dhún na nGall | — | — | 11,711 | 11,711 | — |
| Gort na Silíní, Baile Fhormaid/ Bruach na Coille/ Ráth Bhile | 12,376 | 4,352 | 3,145 | 19,873 | 19,873 |
| Corr na Móna, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 12 | 1,360 | 2,128 | 18,629 | 22,117 | — |
| Sráid an Rí Thuaidh - Plás Sheáin Foster, Baile Átha Cliath 7 | 705 | 1,013 | 11,208 | 12,926 | — |
| Bóthar Bhun Raite Céim 1c, Baile Átha Cliath 17 | — | 2,115 | 27,103 | 29,218 | — |
| Gleann an Tobair, Séipéal Iosóid, Baile Átha Cliath 8 | — | 2,698 | 26,483 | 29,181 | — |
| Sráid Bonham, Baile Átha Cliath 8 | — | 2,820 | 18,175 | 20,995 | — |
| Sráid Chorcaí - Sráid an tSeomraigh, Baile Átha Cliath 8 | — | 2,209 | 18,184 | 20,393 | — |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais tionscadal i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2019 | Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Radharc na Gréine (Glasshouse site), Bóthar Mhuine Mheá – (Céim 1), Cathair na Gaillimhe | 1,832 | 4,620 | 11,918 | 18,370 | 18,370 |
| Bóthar Bhaile an Mhóinín (Céim 2), Cathair na Gaillimhe | — | 4,248 | 13,040 | 17,288 | — |
| Tullahill, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | — | — | 14,060 | 14,060 | — |
| Coill Bhruachláin, Maigh Cuilinn, Gaillimh | — | — | 13,171 | 13,171 | — |
| Garraí Mhic Aodha, Tubber Road, an Gort, Gaillimh | — | — | 10,536 | 10,536 | — |
| Lóthar Canáin, Trá Lí, Ciarraí | — | 504 | 15,089 | 15,593 | — |
| Láithreán Old Christians, an Ráth Bhán, Luimneach | — | 124 | 11,219 | 11,343 | — |
| Gort Bui, Bóthar Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha, Lú | — | — | 14,251 | 14,251 | — |
| Merrymeeting View, Ráth Naoi, Cill Mhantáin | — | 7,240 | 4,577 | 11,817 | — |
| Lána Chill Bhríde, Bré, Co. Chill Mhantáin | 8,842 | 4,206 | 4,060 | 17,108 | 17,108 |
| **Iomlán** | **139,782** | **80,265** | **340,359** | **560,406** | **247,034** |
| | | | | | |
| ***Athghiniúint*** | | | | | |
| *Cómhaoinithe* | | | | | |
| Teach Dolphin, Baile Átha Cliath 8: | | | | | |
| Údarás Áitiúil | 1,490 | — | — | 1,490 | 1,490 |
| Roinn | 22,610 | — | 1,747 | 24,357 | 24,357 |
| | 24,100 | — | 1,747 | 25,847 | 25,847 |
| | | | | | |
| *Roinn a maoiníodh* | | | | | |
| Sráid Dhoiminic, Baile Átha Cliath [d] | 2,045 | 8,012 | 19,246 | 29,303 | 29,303 |
| Gairdíní Uí Dhuibheannaigh, Baile Átha Cliath [d] | 1,791 | 3,717 | 15,161 | 20,669 | 20,669 |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais tionscadal i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2019 | Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Gairdíní San Treasa, Baile Átha Cliath [d] | — | 7,315 | 13,785 | 21,100 | 21,100 |
| Athghiniúint Chorcaí Céim 2, Cnoc na hAoine/Cnoc an Chuilinn, Cathair Chorcaí | 2,530 | 7,700 | 1,623 | 11,853 | 11,853 |
| Sráid an Tiarna Éadbhard, Luimneach | 17,343 | — | 2,129 | 19,472 | 19,472 |
| Lárionad Limistéar Southhill, Luimneach | 10,727 | — | 275 | 11,002 | 11,002 |
| **Iomlán** | **58,536** | **26,744** | **53,966** | **139,246** | **139,246** |
| ***Bonneagar*** | | | | | |
| Na Dugaí Theas, Co. Chorcaí | 565 | 130 | 10,936 | 11,631 | 11,630 |
| Droichead na Dothra, Cathair Bhaile Átha Cliath | 127 | 221 | 11,465 | 11,813 | 11,813 |
| Coill na Silíní, Dún Laoghaire – Ráth an Dúin | 127 | 1,984 | 9,281 | 11,392 | 11,392 |
| Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat, Fine Gall | 3,851 | 6,849 | 80 | 10,780 | 10,620 |
| Maigh Nuad, Co. Chill Dara | 157 | 209 | 10,509 | 10,875 | 10,875 |
| Baile Adaim, Co. Bhaile Átha Cliath | 23 | 607 | 14,370 | 15,000 | 15,000 |
| **Iomlán** | **4,850** | **10,000** | **56,641** | **71,491** | **71,330** |

Nótaí

[a] Tá cuid de na tionscadail cómhaoinithe ag an Roinn agus ó chistí dílse údarás áitiúil áirithe ó choinneálacha Cánach Maoine Áitiúla (coinnítear 80% d'fháltais CMÁ i gceantar údaráis áitiúil go háitiúil). Tá acmhainn ann chun ceangaltais na Roinne a laghdú sna blianta a bheidh le teacht má bhíonn na húdaráis áitiúil ábalta a gcuid cistí féin a úsáid ó choinneáil Chánach Maoine Áitiúla.

[b] Áirítear le gné na Roinne den fhigiúr €23.24 milliún um chaiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2018 ar athfhorbhairt Halla na Prióireachta coigeartú de €5.99 milliún maidir le 2013 agus 2018 a fágadh amach trí bhotún ó Chuntas Leithreasa 2018.

[c] Áirítear le gné na Roinne den fhigiúr €12.81 milliún um chaiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2018 ar St. Aidans coigeartú de €166,000 maidir le 2018 a fágadh amach trí bhotún ó Chuntas Leithreasa 2018.

[d] Fágadh na tionscadail seo amach trí bhotún as Cuntas Leithreasa 2018.

**Difríochtaí suntasacha**

Tá míniú tugtha thíos i gcás go raibh difríocht de níos mó ná €500,000 i gcostas measta tionscadail i gcomparáid le 2018.

***Bóthar na Tulaí***

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán measta: €1.15 milliún*

Tháinig méadú €1.15 milliún ar iomlán an chaiteachais mheasta i ndáil le tionscadal Bhóthar na Tulaí i ndiaidh moille le tús a chur leis an tógáil, rud a fhágann gurb ionann an ceangaltas foriomlán ar an scéim agus €13.14 milliún.

**e) Íocaíochtaí aonadacha tionscadal um Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach**

Tá an Roinn tiomanta do Chlár CPP maidir le Tithíocht Shóisialta a fhorbairt ina gcuimsítear trí bheart tionscadal. Go dtí seo, chuathas isteach sna conarthaí le haghaidh dhá bheart. Baineann siad sin leas as rud ar a dtugtar samhail CPP 'bunaithe ar infhaighteacht', i gcás go ndéanann cuideachta na hearnála príobháidí na haonaid tithíochta sóisialta a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil ar íocaíocht táille aonadaí gach mí. Tosaíonn an íocaíocht sin nuair a chríochnaítear na haonaid, agus maireann sí ar feadh 25 bliain ó chur i gcrích na tógála ar gach láithreán. Cuimsítear inti na costais go léir faoin gconradh, lena n-áirítear costais tosaigh thógáil na n-aonad, chomh maith leis na costais maidir le cothabháil, oibriú, saolré, bainistíocht tionóntachta agus maoiniú. Cuimsítear dhá ghné sna híocaíochtaí, gné costais sheasta agus gné athraitheach (innéacsaithe), a athraíonn ar aon dul le boilsciú.

**Le Beart 1**

Le Beart 1 soláthrófar 534 aonad i sé láithreán i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá dhá cheann de na láithreáin suite i mBaile Átha Cliath, agus tá ceann amháin suite i mBaile Átha Cliath Theas, i gCill Dara, i gCill Mhantáin agus i Lú. Ceapadh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun gníomhú mar an Ceann-Údarás Áitiúil agus an tÚdarás Conarthach chun Beart 1 a sholáthar.

**Le Beart 2**

Le Beart 2 soláthrófar 465 aonad in ocht láithreán. Tá trí cheann de na láithreáin suite i limistéar údaráis áitiúil Chontae Chorcaí, agus tá ceann amháin suite i gCathair na Gaillimhe, i bPort Láirge, sa Chlár, i gCill Dara agus i Ros Comáin. Tá Comhairle Contae Chorcaí ag gníomhú mar an Ceann-Údarás Áitiúil agus an tÚdarás Conarthach le haghaidh Bheart 2.

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais in-fhorfheidhm-ithe le dlí atá le híoc i mblianta ina dhiaidh sin | Iomlán tionscadail 2019 | Iomlán tionscadail 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Tithíocht Shóisialta – Beart 1 | — | — | 341,785 | 341,785 | — |
| Tithíocht Shóisialta – Beart 2 | — | — | 289,249 | 289,249 | — |
| Iomlán | — | — | 631,034 | 631,034 | — |

Nóta Léirítear sa tábla seo oibleagáidí um tháille aonadach (TA) maidir le bearta CPP maidir le Tithíocht Shóisialta a rinneadh go dtí seo, lena n-áirítear CBL measta ar thógáil agus CBL measta ar na híocaíochtaí TA. Ós rud é gur síníodh an dá chonradh CPP in 2019, ní raibh caiteachas ar bith ar íocaíochtaí TA go dtí seo.

## 2.9 Dliteanais aibithe

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán na ndliteanas aibí nár urscaoileadh ag deireadh na bliana | 38 | 56 |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá méid nó uainiú iarbhír na ndliteanas ionchasach neamhchinnte.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun na costais iomlána cláir a léiriú.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 49,449 | 48,637 | 43,903 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,309 | 1,460 | 1,195 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 2,316 | 1,603 | 1,550 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,334 | 1,026 | 781 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 15,089 | 11,859 | 7,122 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 4,597 | 1,431 | 963 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 38 | — | 2 |
| viii | Taighde (staitisticí agus eacnamaíocht) | 226 | 61 | 57 |
| ix | Nochtadh Cosanta (seirbhísí imscrúdaithe) | 200 | 2 | — |
| x | Earcaíocht agus Oibríochtaí AD | 120 | 45 | — |
| | | **74,678** | **66,124** | **55,573** |

### Difríochtaí suntasacha

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar sna meastacháin: €2.316 milliún, toradh: €1.603 milliún*

Bhí an coigilteas €713,000 sa chaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha mar gheall ar chostais slándála agus ar chostais dlíthiúla a bhí ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leo. Lena chois sin, níor cuireadh roinnt caiteachais a bhí beartaithe ar oiliúint sa mhéadreolaíocht i gcrích in 2019.

**vi Costais áitreabh oifige**

*Soláthar sna meastacháin: €4.597 milliún, toradh: €1.431 milliún*

Bhí an coigilteas €3.166 milliún mar gheall go príomha ar mhoill le hathchóirithe beartaithe ar Theach an Chustaim.

**viii Taighde (Staitisticí agus eacnamaíocht)**

*Soláthar sna meastacháin: €226,000, toradh: €61,000*

Bhí an coigilteas €165,000 sa chaiteachas mar gheall go príomha ar thionscadail taighde a bhí tuartha agus nár réadaíodh mar a rabhthas ag súil leo.

**ix Nochtadh Cosanta (seirbhísí imscrúdaithe)**

*Soláthar sna meastacháin: €200,000, toradh: €2,000*

Tháinig an coigilteas €198,000 i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin chun cinn toisc nach raibh an próiseas soláthair le haghaidh sainseirbhísí imscrúdaithe críochnaithe go dtí mí an Mheithimh 2019. Níor cuireadh líon cásanna a bhí á measúnú in 2019 ar aghaidh go dtí an chéim imscrúdaithe.

## Clár A Tithíocht

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 15,516 | 15,331 | 13,214 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 5,729 | 3,080 | 1,877 |
| A.3 | Tithíocht údaráis áitiúil | 747,471 | 955,745 | 810,679 |
| A.4 | Clár caiteachais reatha um thithíocht shóisialta | 154,886 | 139,127 | 100,393 |
| A.5 | Scéim um chóiríocht ar cíos | 134,300 | 134,290 | 143,337 |
| A.6 | An scéim um íocaíochtaí cúnaimh tithíochta | 422,729 | 382,408 | 276,604 |
| A.7 | An scéim um chúnamh caipitil | 94,875 | 88,364 | 72,711 |
| A.8 | Iasachtaí caipitil agus scéim fóirdheontais | 54,750 | 51,686 | 53,208 |
| A.9 | Saoráidí comhroinnte | 500 | 25 | 270 |
| A.10 | Cíos in aonad morgáiste | 23,000 | 17,998 | 14,350 |
| A.11 | Áis um airleacan caipitil i gcomhair leasúcháin | 94,400 | 139,399 | 118,699 |
| A.12 | Cóiríocht agus tacaíocht do thaistealaithe | 17,710 | 14,036 | 11,665 |
| A.13 | Cóiríocht do dhaoine gan dídean | 146,000 | 165,000 | 139,000 |
| A.14 | Tithíocht do dhaoine le míchumas | 345 | 167 | 23 |
| A.15 | Athghiniúint eastát/oibreacha feabhais | 71,750 | 78,511 | 83,781 |
| A.16 | Éifeachtúlacht fuinnimh - iarfheistiú | 30,454 | 47,454 | 34,818 |
| A.17 | An scéim deisigh agus léasaigh | 38,000 | 3,772 | 2,946 |
| A.18 | Deontais tithíochta príobháidí | 57,000 | 51,912 | 49,244 |
| A.19 | Liúntais morgáiste | 600 | 403 | 416 |
| A.20 | Tithíocht inacmhainne/fóirdheontas úinéireachta comhroinnte | 4,000 | 2,397 | 2,423 |
| A.21 | Ciste bonneagair | 130,000 | 22,279 | 6,888 |
| A.22 | An Bord um Fheabhsúchán Piríte | 32,000 | 30,000 | 30,000 |
| A.23 | An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe | 10,000 | 7,500 | 7,174 |
| A.24 | An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | 12,461 | 12,460 | 7,838 |
| A.25 | Seirbhísí eile | 2,496 | 1,896 | 2,118 |
| | | **2,300,972** | **2,365,240** | **1,983,676** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €64.268 milliún ní b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith ar tús. Bhí tearc-chaitheamh €2.834 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é, agus bhí iarmhéid na difríochta, róchaitheamh €67.102 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

.

**A.3 Tithíocht údaráis áitiúil**

*Soláthar sna meastacháin: €747.471 milliún, toradh: €955.745 milliún*

Bhí an méadú €208.274 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar bunaidh sna meastacháin mar gheall ar an dul chun cinn maidir le Plean Gníomhaíochta 'Ag Atógáil Éireann' a sholáthar – bhí caiteachas caipitil breise ann a chaith údaráis áitiúla, go príomha ar thógálacha agus éadálacha úra faoin gClár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta. Leis an gcaiteachas ón bhfotheideal seo soláthraíodh os cionn 4,300 teach in 2019, i gcomparáid le sprioc 3,544 don bhliain.

**A.4 Clár caiteachais reatha um thithíocht shóisialta**

*Soláthar sna meastacháin: €154.886 milliún, toradh: €139.127 milliún*

Bhí an coigilteas €15.759 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar éileamh a bhí ní b'ísle ná mar a bhí measta faoin Scéim Deisigh agus Léasaigh. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.6 An scéim um íocaíochtaí cúnaimh tithíochta**

*Soláthar sna meastacháin: €422.729 milliún, toradh: €382.408 milliún*

Tháinig coigilteas €40.321 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin chun cinn mar gheall go raibh cion ní b'airde d'fhaighteoirí lasmuigh de limistéar Bhaile Átha Cliath ann ná mar a rabhthas ag súil leis – mar sin, ar chostais níos ísle; bhí aistrithe ón bhForlíonadh Cíosa go ÍCT i mBaile Átha Cliath ní ba mhoille ná mar a rabhthas ag súil leis; agus bhí an ráta imeachta ón scéim ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leis. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.7 An scéim um chúnamh caipitil**

*Soláthar sna meastacháin: €94.875 milliún, toradh: €88.364 milliún*

Bhí an coigilteas €6.511 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall go príomha ar líon suntasach tionscadal ceadaithe nach ndeachaigh chun cinn chomh gasta agus mar a rabhthas ag súil leis – i ngeall go príomha ar shrianta acmhainne laistigh de chomhlachtaí ceadaithe tithíochta níos lú agus saincheisteanna a bhain le pleanáil, éadáil talún agus soláthar. Bhí 31 tionscadal faoin Scéim um Chúnamh Caipitil ann, lenar bhain 205 aonad tithíochta, a rabhthas ag súil leo bheith críochnaithe in 2019 ach táthar ag súil anois go mbeidh siad críochnaithe in 2020. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.8 Iasachtaí caipitil agus fóirdheontas**

*Soláthar sna meastacháin: €54.75 milliún, toradh: €51.686 milliún*

Bhí an coigilteas €3.064 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar iarratais ar chaiteachas íostarraingthe ó údaráis áitiúla ar an Scéim a bhí ní b'ísle nó mar a bhí measta. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.9 Saoráidí comhroinnte**

*Soláthar sna meastacháin: €500,000, toradh: €25,000*

Bhí an coigilteas €475,000 i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar éileamh a bhí ní b'ísle ná mar a bhí measta. Tá tionscadail um Shaoráidí Comhroinnte sna príomhshaoráidí breise (e.g. saoráidí comhroinne itheacháin/cistine, neachtlanna, láithreacha suí/gníomhaíochta) chun tionscadail tógála faoin Scéim um Chúnamh Caipitil a chomhlánú. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.10 Cíos in aonad morgáiste**

*Soláthar sna meastacháin: €23 milliún, toradh: €17.998 milliún*

Bhí an coigilteas €5.002 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar líon na gcásanna críochnaithe a bhí ní b'ísle ná mar a bhí measta. Ag deireadh 2019, bhí 421 cead faighte le haghaidh cásanna gníomhacha a bhí á gcur chun cinn faoin scéim. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.11 Áis um airleacan caipitil i gcomhair leasúcháin**

*Soláthar sna meastacháin: €94.4 milliún, toradh: €139.399 milliún*

Bhí an méadú ar an gcaiteachas €44.999 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall gur chuir Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) áirithe feabhas ar a gcumas scéimeanna níos mó a sholáthar, chomh maith le méadú suntasach ar an éileamh ar thionscadail luathaithe faoin Áis um Airleacan Caipitil i gcomhair Leasúcháin (*CALF*) in 2019, a úsáidtear chun íoc as taiscí agus chun íocaíochtaí i gcéimeanna ar thionscadail tógála a éascú.

**A.12 Cóiríocht agus tacaíocht do thaistealaithe**

*Soláthar sna meastacháin: €17.71 milliún, toradh: €14.036 milliún*

Tháinig coigilteas €3.674 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin chun cinn ar chóiríocht don lucht taistil mar go raibh an dul chun cinn i leith soláthair ní ba mhoille ná mar a rabhthas ag súil leis. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.13 Cóiríocht do dhaoine gan dídean**

*Soláthar sna meastacháin: €146 milliún, toradh: €165 milliún*

Bhí an méadú €19 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar an méadú ar éilimh ar chóiríocht do dhaoine gan dídean agus seirbhísí gaolmhara. D'ainneoin gur fhág 5,971 aosach ar an iomlán easpa dídine agus go ndeachaigh siad isteach i dtionóntachtaí in 2019, bhí ardleibhéal daoine aonair agus teaghlach ag lorg seirbhísí do dhaoine gan dídean. D'fhág sé sin go raibh costas méadaithe i gceist lena chinntiú go raibh cóiríocht éigeandála ar fáil do na teaghlaigh sin. Osclaíodh moil úra teaghlaigh do theaghlaigh le linn 2019. Tugadh seirbhísí úra isteach i réigiún Bhaile Átha Cliath chomh maith do dhaoine a chodlaíonn amuigh, agus tugadh os cionn 300 leaba éigeandála úr isteach in 2019.

**A.14 Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas**

*Soláthar sna meastacháin: €345,000, toradh: €167,000*

Tá an caiteachas ón bhfotheideal i ndáil le cothú tionóntachta do dhaoine a bhfuil riachtanais tithíochta acu a bhaineann le meabhairshláinte agus tá sé maoinithe i bpáirt leis an FSS. Bhí an coigilteas €178,000 i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar cheapadh Oifigeach um Chothú Tionóntachta a bhí ní ba mhoille ná mar a bhí measta. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.15 Athghiniúint/oibreacha feabhais measta**

*Soláthar sna meastacháin: €71.75 milliún, toradh: €78.511 milliún*

Bhí an méadú €6.761 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar ardú suntasach ar an ngníomhaíocht clár, lena n-áirítear tionscadail mhórscála amhail Gairdíní San Treasa, Baile Átha Cliath.

**A.16 Éifeachtúlacht fuinnimh – iarfheistiú**

*Soláthar sna meastacháin: €30.454 milliún, toradh: €47.454 milliún*

Baineann an méadú €17 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin go príomha leis an tacaíocht bhreise ó údaráis áitiúla maidir le tithe sóisialta folmha a ullmhú lena n-athligean ar cíos, go háirithe tithe ar mó an seans go mbeidís folamh ar feadh tréimhse shuntasach ama mar gheall ar chostais na n-oibreacha riachtanacha. Cuidíonn an clár leis na húdaráis áitiúla díriú go gníomhach ar na réadmhaoine folmha sin, lena n-aga athraithe agus athligin a íoslaghdú agus iad a chur in úsáid arís i mbail atá tíosach ar fhuinneamh.

**A.17 An scéim deisigh agus léasaigh**

*Soláthar sna meastacháin: €38 milliún, toradh: €3.772 milliún*

Bhí an coigilteas €34.228 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall gur scéim a bhí ann faoi thionchar éileamh agus mar go raibh an soláthar faoin scéim ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leis. Rinneadh athbhreithniú ar oibriú na scéime i gcomhthéacs an athbhreithnithe ghinearálta ar Atógáil Éireann agus rinneadh roinnt athruithe d'fhonn í a dhéanamh níos tarraingtí d'úinéirí chun cabhrú le méadú ar ghlacadh agus leis an soláthar. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.18 Deontais tithíochta príobháidí**

*Soláthar sna meastacháin: €57 milliún, toradh: €51.912 milliún*

Bhí an coigilteas €5.088 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar an scéim deontas tithíochta príobháidí faoi thionchar éilimh agus go raibh sé deacair leibhéal beacht tharraingt anuas an mhaoinithe a thuar. Bhí na deontais aonair ó €254 go €24,000 agus íocadh os cionn 10,000 in 2019. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.19 Liúntais morgáiste**

*Soláthar sna meastacháin: €600,000, toradh: €403,000*

Bhí an coigilteas €197,000 i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar mhéadú ar líon na n-iarratas faoin scéim. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.20 Tithíocht inacmhainne/fóirdheontas úinéireachta comhroinnte**

*Soláthar sna meastacháin: €4 milliún, toradh: €2.397 milliún*

Bhí an coigilteas €1.603 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar líon iarratas ó thithe incháilithe faoi na scéimeanna Tithíochta Inacmhainne agus Úinéireachta Comhroinnte a bhí ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leis. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.21 Ciste bonneagair**

*Soláthar sna meastacháin: €130 milliún, toradh: €22.279 milliún*

Baineann an meastachán leis an gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (*LIHAF*), atá le bonneagar poiblí as an láithreán a sholáthar chun bacainní ar bhonneagar criticiúil a mhaolú agus dlús a chur faoi sholáthar na tithíochta i bpríomhlimistéir agus i láithreáin forbartha agus leis an gCiste Láithreán Comhroinnte (*SSF*) atá le bonneagar a sholáthar ar chúlsoláthairtí talún údaráis áitiúil chun soláthar tithíochta inacmhainne a éascú.

Bhí an coigilteas €107.721 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Caiteachas ar 27 tionscadal *LIHAF* nár réadaíodh chomh gasta agus a bhí measta (cuireadh trí thionscadal i gcrích in 2019). Ag tús 2019, bhí go leor de na tionscadail *LIHAF* ag céim an deartha i gcás go mbíonn na costais measartha agus nuair is gnách nach mbíonn i gceist ach táillí deartha agus sainchomhairleoireachta. Meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an gcaiteachas in 2020 agus tionscadail ag bogadh ar aghaidh chuig céim na tógála.
- Ag deireadh 2019, faoin scéim *SSF*, faomhadh maoiniú dar luach €127 milliún i bprionsabal chun obair bhonneagair a thacóidh le 35 tionscadal i 14 údarás áitiúil a sholáthar, rud a sholáthróidh 3,200 teach. Níor tarraingíodh maoiniú as in 2019 toisc go raibh na tionscadail ag na céimeanna deartha agus pleanála. Cuirfear tús leis an tarraingt as in 2020 agus na tionscadail á gcur ar aghaidh go dtí céim na tógála. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.22 An Bord um Fheabhsúchán Piríte**

*Soláthar sna meastacháin: €32 milliún, toradh: €30 milliún*

Bhí an coigilteas €2 mhilliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar líon na n-iarratas rathúil faoin scéim a bhí ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leis. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.23 An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe**

*Soláthar sna meastacháin: €10 milliún, toradh: €7.5 milliún*

Bhí an coigilteas €2.5 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar thearc-chaitheamh in Oifig Rialaithe na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta toisc nár achtaíodh Acht na dTithe (Rialú na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta) 2019 go dtí deireadh mhí na Nollag 2019. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

**A.25 Seirbhísí eile**

*Soláthar sna meastacháin: €2.496 milliún, toradh: €1.896 milliún*

Bhí an coigilteas €600,000 i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar riachtanas maoinithe a bhí ní b'ísle ná mar a bhí measta ar thaobh Chomhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann. Rinneadh coigiltis a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

## Clár B Seirbhísí Uisce

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | 4,520 | 5,418 | 5,626 |
| B.2 | Riarachán-neamhphá | 1,637 | 1,122 | 1,388 |
| B.3 | Clár cáilíochta uisce | 23,149 | 19,888 | 13,747 |
| B.4 | Clár uisce tuaithe | 47,000 | 41,104 | 39,121 |
| B.5 | Uisce Éireann | 1,208,500 | 1,208,000 | 1,100,000 |
| B.6 | Údaráis áitiúla | 16,500 | 12,760 | 13,001 |
| B.7 | Ceisteanna comhshaoil uisce stairiúla | 7,000 | 76 | 47 |
| B.8 | Comhlacht Comhairleach Uisce | 220 | 27 | — |
| B.9 | Seirbhísí eile | 34 | — | — |
| — | Imeall trá [a] | — | — | 1,087 |
| | | **1,308,560** | **1,288,395** | **1,174,017** |

Nóta [a] Aistríodh an fotheideal sin go Clár D Pleanáil faoi Fhotheideal D.13 in 2019.

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €20.165 milliún ní b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhí róchaitheamh €383,000 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €20,548 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

**B.3 Clár cáilíochta uisce**

*Soláthar sna meastacháin: €23.149 milliún, toradh: €19.888 milliún*

Tháinig an coigilteas €3.261 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin chun cinn go príomha ar chlár *INTERREG V AE* (Beart Comhshaoil) toisc go raibh an íostarraingt ó thionscadail níos moille ná mar a bhí measta.

Chomh maith leis sin, tháinig coigilteas eile chun cinn i ndáil le Pleanáil um Bainistíocht Abhantraí agus leis an gclár cáilíochta uisce.

**B.4 Clár uisce tuaithe**

*Soláthar sna meastacháin: €47 milliún, toradh: €41.104 milliún*

Bhí an coigilteas €5.896 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar chaiteachas ní b'ísle ná mar a bhí measta ar an gClár Uisce Tuaithe 2019-2021. Iarradh tograí maidir le maoiniú le haghaidh tionscadail aonair i dtús 2019. I ndiaidh próiseas measúnaithe, fógraíodh leithdháiltí le haghaidh 621 tionscadal i mí Dheireadh Fómhair 2019.

**B.6 Údaráis áitiúla**

*Soláthar sna meastacháin: €16.5 milliún, toradh: €12.76 milliún*

Bhí an coigilteas €3.74 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar chaiteachas a bhí ní b'ísle mar gheall ar ghá ní b'ísle ná mar a bhí measta le hiasachtaí oidhreachta seirbhísí uisce a fhorchúiteamh arna sealbhú ag údaráis áitiúla agus costais mhaoinithe éagsúla na n-iasachtaí. Ina theannta sin, bhí caiteachas ag údaráis áitiúla ar oibriú na hOifige um Aistriú Seirbhísí Uisce agus maidir le hobair ar shócmhainní seirbhísí uisce a aistriú chuig Uisce Éireann níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis.

**B.7 Ceisteanna comhshaoil uisce stairiúla**

*Soláthar sna meastacháin: €7 milliún, toradh: €76,000*

Tháinig an coigilteas €6.924 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin chun cinn mar gheall gur seoladh an clár maidir le Bonneagar arna Soláthar ag an bhForbróir i R3 2019 agus, i ndiaidh próiseas meastóireachta, ní chinnfear leithdháiltí agus ceaduithe go dtí 2020.

Lena chois sin, tháinig coigilteas eile chun cinn toisc go raibh Scéim Deontas Leasúcháin Luaidhe ina scéim faoi thionchar éileamh faoina bhfuil sé deacair caiteachas a thuar.

**B.8 Comhlacht Comhairleach Uisce**

*Soláthar sna meastacháin: €220,000, toradh: €27,000*

Tháinig an coigilteas €193,000 i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin chun cinn mar gheall go raibh líon na dtuarascálacha a d'fhoilsigh an Chomhlacht Comhairleach Uisce ní b'ísle ná mar a bhí measta.

## Clár C Rialtas Áitiúil

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | 6,719 | 9,616 | 9,225 |
| C.2 | Riarachán-neamhphá | 2,456 | 1,585 | 2,288 |
| C.3 | An Ciste Rialtais Áitiúil | 185,000 | 185,180 | 124,800 |
| C.4 | Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 12,425 | 13,316 | 11,958 |
| C.5 | Toghchóras | 4,412 | 343 | 585 |
| C.6 | Seirbhísí eile | 993 | 895 | 9,937 |
| | | **212,005** | **210,935** | **158,793** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €1.07 milliún ní b’ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhí róchaitheamh €2.026 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €3.096 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

**C.4 Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála**

*Soláthar sna meastacháin: €12.425 milliún, toradh: €13.316 milliún*

Bhí an méadú €891,000 ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall go ndeachaigh líon stáisiún dóiteáin agus ionad oiliúna úr chun cinn níos gaiste ná mar a rabhthas ag súil leis.

**C.5 Toghchóras**

*Soláthar sna meastacháin: €4.412 milliún, toradh: €343,000*

Baineann feidhm toghchórais na Roinne le beartas agus reachtaíocht maidir le gnéithe riaracháin an chórais toghcháin. Tháinig coigilteas €4.069 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin chun cinn go príomha toisc nár tionóladh reifreann maidir leis an toghchóras a shíneadh ag na toghcháin uachtaránachta in 2019 agus dá bhrí sin níor theastaigh an maoiniú sin ón gCoimisiún Reifreann le linn na bliana. Ina theannta sin, tháinig coigilteas eile chun chinn toisc nach ndeachaigh an Tionscadal um Nuachóiriú Chlár na dToghthóirí chun cinn chomh tapa agus mar a rabhthas ag súil leis.

## Clár D Pleanáil

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | 10,385 | 5,290 | 3,767 |
| D.2 | Riarachán-neamhphá | 3,820 | 1,887 | 434 |
| D.3 | An Bord Pleanála | 18,548 | 18,548 | 17,514 |
| D.4 | Binse Pleanála | 5,582 | 781 | 4,322 |
| D.5 | Oifig an Rialálaí Pleanála | 2,367 | 1,637 | 258 |
| D.6 | Beartas um pleanáil | 420 | 532 | 550 |
| D.7 | Réamhphleanáil | 250 | 220 | 247 |
| D.8 | Mo phlean | 135 | 123 | 121 |
| D.9 | Athghiniúint /athnuachan uirbeach | 63,000 | 18,600 | — |
| D.10 | Scéim lacáiste ranníocaíochtaí forbartha | — | 637 | 6,685 |
| D.11 | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 15,763 | 15,763 | 15,593 |
| D.12 | An Ghníomhaireacht Forbartha Talún | 20,049 | 2,409 | 254 |
| D.13 | Imeall trá [a] | 5,628 | 1,138 | — |
| D.14 | Pleanáil spásúil mhuirí | 500 | 335 | — |
| D.15 | Seirbhísí eile | 110 | 102 | 29 |
| | | **146,557** | **68,002** | **49,774** |

Nóta [a] Tugadh cuntas ar an bhfotheideal sin faoi Chlár B Seirbhísí Uisce in 2018 (€1.087 milliún).

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €78.555 milliún ní b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhain €7.028 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta de €71.527 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

**D.4 Binse Pleanála**

*Soláthar sna meastacháin: €5.582 milliún, toradh: €781,000*

Bhí an coigilteas €4.801 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin toisc go bhfuil sé deacair caiteachas maidir leis an mBinse a thuar agus go raibh an maoiniú a theastaigh chun costais dhlíthiúla tríú páirtí a d'eascair as obair an Bhinse ní b'ísle ná mar a bhí measta. Féach ar Nóta 6.1 – Coistí, Coimisiúin agus Fiosrúcháin Speisialta le haghaidh eolas breise.

**D.5 Oifig an Rialálaí Pleanála**

*Soláthar sna meastacháin: €2.367 milliún, toradh: €1.637 milliún*

Bhí an coigilteas €730,000 i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall gur bunaíodh Oifig an Rialálaí Pleanála in Aibreán 2019 agus nár thabhaigh sí costais ach ón dáta sin amháin.

**D.6 Beartas um pleanáil**

*Soláthar sna meastacháin: €420,000, toradh: €532,000*

Bhí an méadú €112,000 ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall go príomha ar chostais mhéadaithe ar chur chun feidhme reachtaíochta úir um Ligean Gearrthéarmach.

**D.9 Athghiniúint/athnuachan uirbeach**

*Soláthar sna meastacháin: €63 milliún, toradh: €18.6 milliún*

Bhí an coigilteas €44.4 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar chaiteachas ní b'ísle ná mar a bhí measta ar an gCiste Athghiniúna/Forbartha Uirbí lena chinntiú go raibh na creata riachtanacha rialachais agus airgeadais i bhfeidhm. Tugadh €20 milliún den choigilteas sin ar aghaidh go dtí 2020 ar ghéilleadh iarchurtha. Leithdháileadh an coigilteas a bhí fágtha ar Chlár A – Tithíocht.

**D.10 Scéim lacáiste ranníocaíochtaí forbartha**

*Soláthar sna meastacháin: €Nialas, toradh: €637,000*

Bhí an méadú €637,000 ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar íocaíochtaí aonuaire déanacha faoin scéim. Cuireadh an t-éileamh aonuaire agus na doiciméid tacaíochta ábhartha isteach chuig an údarás áitiúil roimh spriocdháta na scéime ach bhí moill ann maidir lena gcur isteach chuig an Roinn.

**D.12 An Ghníomhaireacht Forbartha Talún**

*Soláthar sna meastacháin: €20.049 milliún, toradh: €2.409 milliún*

Bhí an coigilteas €17.64 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin toisc go raibh tionscadail na Gníomhaireachta Forbartha Talún ag na céimeanna deartha agus réamhphleanála agus mar sin níor cuireadh ar aghaidh go dtí céimeanna caiteachais níos suntasaí iad le linn 2019. Lena chois sin, bhí earcaíocht ball foirne breise in 2019 níos moille ná mar a bhí measta. Bhí €13.5 milliún den choigilteas sin ina chuid den ghéilleadh iarchurtha a tugadh ar aghaidh go dtí 2020. Leithdháileadh an coigilteas a bhí fágtha ar Chlár A – Tithíocht.

**D.13 Imeall trá**

*Soláthar sna meastacháin: €5.628 milliún, toradh: €1.138 milliún*

Tháinig an coigilteas €4.49 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin chun cinn mar gheall ar chur chun feidhme níos déanaí chéim 2 den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (*MSFD*) agus bhearta agus chlár monatóireachta an *MSFD*.

Lena chois sin, níor réadaíodh caiteachas maidir le cásanna stairiúla dlí agus teagmhas d'oibreacha éigeandála ar an imeall trá in 2019.

**D.14 Pleanáil spásúil mhuirí**

*Soláthar sna meastacháin: €500,000, toradh: €335,000*

Bhí an coigilteas €165,000 i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin toisc go raibh an caiteachas maidir le forbairt an Phlean Spásúil Mhuirí ní b'ísle ná mar a bhí measta.

## Clár E Met Éireann

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna measta-cháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **E.1** | Riarachán – pá | 12,309 | 12,982 | 12,071 |
| **E.2** | Riarachán-neamhphá | 11,587 | 9,813 | 5,683 |
| **E.3** | Focheannteidil maidir le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta Méadreolaíochta | 4,838 | 4,814 | 3,000 |
| **E.4** | Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte | 1,650 | 342 | 165 |
| | | **30,384** | **27,951** | **20,919** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €2.433 milliún ní b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Bhain €1.101 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta de €1.332 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha:

**E.4 Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte**

*Soláthar sna meastacháin: €1.65 milliún, toradh: €342,000*

Bhí an coigilteas €1.308 milliún i gcoibhneas leis an soláthar sna meastacháin mar gheall ar mhoill le hearcaíocht ball foirne don tseirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte agus toisc go raibh na costais um cheadúnú bogearraí ní b'ísle ná mar a bhí measta.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí iníoctha ag údaráis áitiúla, etc., chun a gcuid cuntas a iniúchadh | 1,910 | 1,979 | 2,101 |
| 2 | Fáltas ón gCiste Árachais Shóisialaigh i ndáil le háitribh áitithe maidir le hÁrachas Sóisialta (An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005) | 741 | 741 | 741 |
| 3 | Fáltais Met Éireann | 10,200 | 9,692 | 10,094 |
| 4 | Fáltais ilghnéitheacha | 200 | 325 | 105 |
| 5 | Fáltais imeall trá | 2,100 | 2,211 | 1,460 |
| 6 | *OSI* | 364 | 384 | 380 |
| 7 | Fáltais ó asbhaintí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí [a] | 40,660 | 43,811 | 54,845 |
| 8 | Fáltais CFRE, Beart Comhshaoil *Interreg V* | 2,000 | 1,088 | — |
| 9 | Ciste na gCuntas Díomhaoin- Cur chun Feidhme Tús Áite don Tithíocht | 3,000 | 3,000 | — |
| | **Iomlán** | **61,175** | **63,231** | **69,726** |

Nóta [a] Baineann figiúr 2018 le hasbhaintí a bhaineann le pinsin. Cuireadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad ón 1 Eanáir 2019.

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, bhí na Leithreasaí i gCabhair €2.056 milliún níos mó ná an méid a bhí measta ar dtús. Tá míniúcháin ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

**3 Fáltais Met Éireann**

*Meastachán: €10.2 milliún, toradh: €9.692 milliún*

Léiríonn an t-easnamh €508,000 an deacracht maidir le fáltais ó sheirbhísí tráchtála arna soláthar ag Met Éireann a thuar.

**4 Fáltais ilghnéitheacha**

*Meastachán: €200,000, toradh: €325,000*

Bhí an méadú €125,000 mar gheall go bhfuil sé deacair fáltais ilghnéitheacha a thuar go hiontaofa.

**5 Fáltais imeall trá**

*Meastachán: €2.1 milliún, toradh: €2.211 milliún*

Léiríonn an méadú €111,000 an deacracht maidir le fáltais ó sheirbhísí tráchtála ó imeall trá a thuar go beacht.

**7 Fáltais ó asbhaint a bhain le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí**

*Meastachán: €40.66 milliún, toradh: €43.811 milliún*

Bhí an méadú €3.151 milliún mar gheall go príomha ar asbhaintí a bhaineann le pinsin a bhí fós le baint le haghaidh 2018 a fuarthas in 2019 agus go bhfuarthas cuid de na fáltais 2019 níos gasta ná mar a rabhthas ag súil leis.

**8 Fáltais CFRE, Beart Comhshaoil *Interreg V***

*Meastachán: €2 milliún, toradh: €1.088 milliún*

Bhí an t-easnamh €912,000 ann toisc go raibh an íostarraingt ar chlár *INTERREG V* AE (Beart Comhshaoil) níos moille ná mar a bhí measta, rud a raibh níos lú éileamh ón CFRE mar thoradh air.

## 4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Uisce Éireann – maoiniú nár caitheadh le haghaidh aisíocaíochtaí ar tháille uisce tí | 6,749 | 1,236 |
| Léasanna imeall trá | 6,561 | — |
| Aisíocaíocht faoi Chlár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta na nÚdarás Áitiúil (*SHIP*) | 1,879 | 107 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe | 55 | 47 |
| Socrú maidir le díobháil phearsanta | 12 | — |
| Cistiú Forbartha Réigiúnaí na hEorpa | — | 787 |
| Íocaíocht faoin Acht um Réiteach Piríte 2013 | — | 306 |
| Fuascailt tionscadal arna mhaoiniú faoin Scéim Dheonach Chúnaimh um Chaipiteal Tithíochta | — | 298 |
| Aistriú chuig an Státchiste | (15,256) | (2,781) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## Nóta 5 Soláthar foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon Fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | | |
| Roinn | 782 | 719 |
| Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 226 | 221 |
| An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | 85 | 85 |
| An Bord Pleanála | 174 | 167 |
| An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | 87 | 51 |
| An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe | 82 | 57 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 14 | 11 |
| Oifig an Rialálaí Pleanála | 15 | — |
| An Ghníomhaireacht Forbartha Talún | 11 | — |
| | **1,476** | **1,311** |

### 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 43,472 | 39,157 |
| Liúntas maidir le hard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 295 | 303 |
| Liúntais eile | 1,666 | 1,674 |
| Ragobair | 742 | 545 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,297 | 2,746 |
| **Pá iomlán** | **49,472** | **44,425** |

**Luach saothair na Gníomhaireachta**

| | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 36,365 | 33,949 |
| Liúntas maidir le hard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 70 | 64 |
| Liúntais eile | 82 | 71 |
| Ragobair | 152 | 211 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,886 | 2,235 |
| **Pá iomlán** | **39,555** | **36,530** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| **Foireann na Roinne** [a] | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 49 | 9 | 20,874 | 20,597 |
| Liúntais eile | 138 | 74 | 28,146 | 27,060 |
| Ragobair | 113 | 28 | 36,496 | 28,317 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 92 | 73 | 52,706 | 45,755 |

Nóta [a] Baineann na sonraí pá, liúntais agus luach saothair eile thuas le baill foirne na Roinne a íocadh díreach ón Vóta faoi na cláir A go E.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Foireann na Gníomhaireachta** | | | | |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 25 | 1 | 12,365 | 8,691 |
| Liúntais eile | 57 | — | 7,585 | 7,585 |
| Ragobair | 103 | 5 | 27,884 | 26,046 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 1 | 21,945 | 23,004 |

## 5.4 Socruithe Luach Saothair eile

Rinneadh ochtar státseirbhíseach a d'éirigh as agus a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €38,044. Bhí na híocaíochtaí sin ar aon dul le prionsabail an Achta um Sheirbhísí Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Áirítear leis an gcuntas sin caiteachas €158,330 i dtaobh cúigear oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn le haghaidh na bliana go léir nó cuid den bhliain 2019 agus ar íoc an Roinn a gcuid tuarastal.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí Párolla

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 27 | 38,265 | 30,716 |
| Pleananna téarnaimh i bhfeidhm | 4 | 7,396 | 9,568 |

Aistríodh cúigear daoine aonair ag a raibh ró-íocaíochtaí dar luach €8,071 chuig an Roinn le linn na bliana.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí agus coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go deireadh 2019 | 2019 Caiteachas | 2018 Caiteachas |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Binse fiosrúcháin ar nithe agus íocaíochtaí áirithe pleanála [a] | 1997 | 136,321 | 781 | 4,322 |

Nóta [a] B'ionann an caiteachas go deireadh 2019 agus €136.3 milliún. Beidh tuilleadh íocaíochtaí a bhaineann leis an mBinse fiosrúcháin ar nithe agus íocaíochtaí áirithe pleanála le híoc. Ní féidir costais deiridh a chinneadh ag an staid seo go dtí go gcinnfear costais dlí tríú páirtí i leith na tréimhse ó 2002. Ar bhonn meastachán Binse agus ar bhonn caiteachais go deireadh na bliana 2019, d'fhéadfadh costais bhreise €10.3 milliún teacht aníos, a bhaineann go príomha le hionadaíocht dhlíthiúil tríú páirtí.

### 6.2 Cúiteamh agus costais dhlíthiúla

| | 2019 | | | | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí arna n-íoc ag an Roinn | Cúiteamh a dámhadh | Costais dhlíthiúla a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh a rinne fostaithe | — | — | — | — | — | 7 |
| Éilimh ó bhaill den phobal | 7 | — | 5 | 212 | 217 | 431 |
| | | **—** | **5** | **212** | **217** | **438** |

### 6.3 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis | 3,372 | 3,480 |

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | 2019 Measta-chán €000 | 2019 Toradh €000 | 2018 Toradh €000 |
|---|---|---|---|
| **Fotheideal** | | | |
| A.9 Saoráidí Comhroinnte | 500 | 25 | 270 |
| A.18 Deontais tithíochta príobháidí | 7,327 | 7,327 | 7,508 |
| | **7,827** | **7,352** | **7,778** |

Tá na híocaíochtaí sin páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta agus tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag:

http://www.housing.gov.ie/corporate/finance/national-lottery-funding/national-lottery-funding

## 6.5 Maoiniú ón AE

Áirítear ar an toradh a léirítear i bhFotheideal agus B.3 agus D.13 íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Seo a leanas meastacháin ar chaiteachas agus torthaí iarbhír:

| | | 2019 Meastachán €000 | 2019 Toradh €000 | 2018 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Cur Síos ar an bhFotheideal** | | | | |
| B.3 | Clár cáilíochta uisce | 5,525 | 3,583 | 1,598 |
| D.13 | Imeall trá | 11 | 11 | — |
| | | **5,536** | **3,594** | **1,598** |

## 6.6 Méideanna Díscríofa

Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh le linn na bliana

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Clár Oiliúna um Athchóiriú an tSoláthair Phoiblí | 21,990 | — |

# Nóta 7 Iarmhéideanna Ciste

## 7.1 Cuntas an Chiste Forbraíochta Uirbí

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 17,543 | 18,525 |
| Fáltais | — | — |
| Caiteachas don bhliain | 3,432 | 982 |
| | **14,111** | **17,543** |

Is clár de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) é an Ciste Forbraíochta Uirbí arb ann dó chun tacú le tionscnaimh athghiniúna comhtháite i lárionaid ainmnithe uirbeacha. Feidhmítear an scéim ag tionóil réigiúnacha ar údaráis bhainistithe iad atá freagrach as fíorú caiteachais incháilithe ar thionscadail faofa. Cuireann an Roinn cistí ar fáil (faoi threoir an údaráis bhainistithe agus tá sé faoi réir fíorú an údaráis bhainistithe) chun údaráis áitiúla a chúiteamh ar bhonn cistí comhfhreagracha. Rinneadh breithniú faoi iarratais incháilitheachta faoin gCiste i mí na Nollag 2015 agus beidh an clár á rith ar feadh na tréimhse go dtí deireadh 2020. Leanfar le híocaíochtaí faoin gclár go dtí tús 2023. Léiríonn an t-iarmhéid sa Chiste réamh-mhaoiniú a cuireadh ar fáil ón CFRE, ag feitheamh le héilimh fhíoraithe a fháil maidir leis na tionscadail ábhartha.

## 7.2 Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 70,941 | 71,795 |
| Fáltais ó fhotheideal A.10 | — | 498 |
| Méid iomlán a cuireadh ar aghaidh amhail an 31 Nollaig | 70,941 | 72,293 |
| | | |
| Costais neamh-in-aisghabhála [a] | (1,611) | (1,397) |
| Aistrithe go húdaráis áitiúla | — | — |
| Ioncam ó chíos | 63 | 45 |
| **Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig** | **69,393** | **70,941** |

Nóta [a] Ní féidir costais áirithe a thabhaíonn an Ghníomhaireacht amhail táillí dlíthiúla agus gairmiúla agus costais eile a bhaineann le héadáil tithíochta a fháil ar ais agus mar sin laghdaítear iarmhéid foriomlán an Chiste. B'ionann figiúr na gcostas neamh-in-aisghabhála le haghaidh 2019 agus €1,611,000.

Bunaíodh Ciste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta, ar ciste imrothlach é, chun thart ar 1,600 aonad a éadáil thar an tréimhse go 2021 lena n-úsáid le haghaidh tithíocht shóisialta.

Tá an Ciste sin á úsáid ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun réadmhaoine folmha a éadáil ó bhainc, infheisteoirí agus úinéirí eile ilphunann réadmhaoine i limistéir ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht shóisialta. Agus an méid sin á dhéanamh, tá an Ghníomhaireacht ag obair i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla lena chinntiú nach gceannaítear réadmhaoine ach i limistéar ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht shóisialta.

Díolann an Ghníomhaireacht na tithe, ag costas, chuig comhlachtaí ceadaithe tithíochta chun an Chiste a athlíonadh. Reáchtálfar an clár seo go dtí 2021 agus, nuair a chríochnófar an clár, tabharfaidh an Ghníomhaireacht iarmhéid deiridh ar bith den Chiste ar ais don Roinn.

## Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Sa tábla seo déantar liosta de na comhlachtaí agus na cistí a bhí faoi choimirce na Roinne agus i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn na ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh Mhárta 2020, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais is déanaí ar a ndearnadh iniúchadh agus an dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Ciste comhlachta / roinne | Tréimhse cuntas-aíochta dheireanach | Dáta thuarascáil an iniúchta | Dáta a fuair an tAire / Roinn í | Dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An Bord Pleanála | 2018 | 19 Meith 2019 | 28 Meith 2019 | 13 Meán Fómhair 2019 |
| Ervia agus Líonraí Gáis Éireann | 2018 | 26 Már 2019 | 6 Meith 2019 | 27 Meith 2019 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 2018 | 28 Már 2019 | 6 Meán Fómhair 2019 | 20 Meán Fómhair 2019 |
| An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe [a] | 2018 | 30 Meith 2019 | 6 Meán Fómhair 2019 | 24 Deireadh Fómhair 2019 |
| Uisce Éireann | 2018 | 25 Már 2019 | 6 Meith 2019 | 27 Meith 2019 |
| An Ciste Rialtais Áitiúil | 2018 | 30 Meith 2019 | 30 Meith 2019 | 31 Iúil 2019 |
| An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | 2018 | 21 Már 2019 | 26 Lún 2019 | 28 Deireadh Fómhair 2019 |
| An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | 2018 | 22 Deireadh Fómhair 2019 | 31 Deireadh Fómhair 2019 | 20 Noll 2019 |
| Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 2018 | 30 Iúil 2019 | 21 Lún 2019 | 18 Meán Fómhair 2019 |
| Oifig an Rialálaí Pleanála [b] | 2019 | — | — | — |
| An Ghníomhaireacht Forbartha Talún [c] | 2019 | — | — | — |

Nótaí
[a] Áirítear leis an Bord Réitigh Pírite.
[b] Níor bunaíodh Oifig an Rialálaí Pleanála ach go dtí Aibreán 2019 agus beidh a gcéad sraith ráiteas airgeadais ar feadh na naoi mí go dtí mí na Nollag 2019.
[c] Níor bunaíodh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún ach i Meán Fómhair 2018 agus beidh an chéad sraith ráiteas airgeadais dá cuid ar feadh na 16 mhí go dtí mí na Nollag 2019.